# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2392 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Samhain 2025**

**maidir leis an tuairisc theicniúil ar chatagóirí táirgí tábhachtacha agus criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha de bhun Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/2847, leagtar síos rialacha maidir le cibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Go háirithe, leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin catagóirí táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá, nuair a chuirtear ar an margadh iad, faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá níos déine ná na nósanna imeachta is infheidhme maidir le táirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847 catagóirí táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhféadfaí a cheangal ar mhonaróirí deimhniú Eorpach cibearshlándála a fháil ina leith faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó a bheadh faoi réir measúnú comhréireachta tríú páirtí éigeantach, nuair a chuirtear ar an margadh iad.

(2) De bhun Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2024/2847, cinntear le croífheidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha an tuairisc theicniúil ar chatagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus, dá bhrí sin, na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme.

(3) Agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á fhorbairt acu, agus chun a dtacar feidhmiúlachtaí inmhianaithe a bhaint amach, de ghnáth comhtháthaíonn monaróirí ina dtáirgí féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha comhpháirteanna eile ar táirgí iad freisin ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar féidir leo an tuairisc theicniúil ar chatagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla a chomhlíonadh. De bhun Rialachán (AE) 2024/2847, tá táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le táirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha, más táirge tábhachtach nó criticiúil é an táirge sin ina iomláine mar a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Mar shampla, trí bhrabhsálaí leabaithe a chomhtháthú mar chomhpháirt d'aip nuachta lena úsáid i bhfóin chliste, ní fhágann sin ann féin go bhfuil an aip nuachta faoi réir an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le 'brabhsálaithe neamhspleácha agus leabaithe'. Mar sin féin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/2847, ní mór don mhonaróir a áirithiú go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha. Dá bhrí sin, ní mór don mhonaróir meastóireacht a dhéanamh ar shlándáil an táirge ina iomláine, agus slándáil na gcomhpháirteanna nó na bhfeidhmiúlachtaí atá comhtháite ann á cur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Mar shampla, chun go léireoidh monaróir aipe nuachta go bhfuil a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/2847, ní mór don mhonaróir a léiriú go gcomhlíonann an aip nuachta ina hiomláine na ceanglais is infheidhme, agus slándáil an bhrabhsálaí leabaithe atá comhtháite ina aip á cur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

([1]) IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj).

(4) Cé go ndéanann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna seachas na feidhmeanna sin a shonraítear sna tuairiscí teicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo nó sa bhreis orthu sin a leagtar amach sa Rialachán seo, ní chiallaíonn sé sin ann féin nach bhfuil croífheidhmiúlacht catagóire táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847 ag an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar shampla, is minic a áirítear ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le 'córais oibriúcháin' bogearraí a dhéanann feidhmeanna coimhdeacha nach n-áirítear sa tuairisc theicniúil ar an gcatagóir táirgí sin, amhail áireamháin nó eagarthóirí grafaicí simplí. Is minic a ionchorpraítear freisin i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha comhpháirteanna ag a bhfuil feidhmiúlacht táirge thábhachtaigh nó chriticiúil eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha, amhail córas oibriúcháin lena gcomhtháthaítear feidhmiúlacht brabhsálaí, nó ródaire lena gcomhtháthaítear feidhmiúlacht balla dóiteáin. Ní chiallaíonn sé sin ann féin, áfach, nach mbaineann croífheidhmiúlacht na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha le 'córais oibriúcháin' ná 'ródairí, móideimí atá beartaithe lena nascadh leis an idirlíon, agus lasca' faoi seach.

(5) Ar an taobh eile, táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá in ann feidhmeanna catagóire táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847 a dhéanamh ach a bhfuil a chroífheidhmiúlacht féin éagsúil le príomhfheidhmiúlacht na catagóire táirge sin, ní mheasfar go gcomhlíonann sé an tuairisc theicniúil ar an gcatagóir táirgí sin. Mar shampla, is minic a bhíonn sé de chumas ag bogearraí eagrúcháin, uathoibrithe agus freagartha slándála feidhmeanna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhéanamh sa chatagóir 'córais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála, i.e. sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a chur i láthair mar fhaisnéis inghníomhaithe chun críoch slándála. Mar sin féin, ós rud é nach é croífheidhmiúlacht bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála atá i gceist leo, ní mheastar go ginearálta go gcomhlíonann bogearraí eagrúcháin, uathoibrithe agus freagartha slándála an tuairisc theicniúil ar 'chórais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála'. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go gcomhtháthaítear le fón cliste comhpháirteanna a chomhlíonann feidhmeanna roinnt catagóirí táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847, amhail córas oibriúcháin nó bainisteoir pasfhocal comhtháite. Mar sin féin, ós rud é nach é croífheidhmiúlacht an fhóin chliste croífheidhmiúlacht córais oibriúcháin nó bainisteora pasfhocal, ní mheastar go ginearálta go gcomhlíonann sé an tuairisc theicniúil ar na catagóirí táirgí sin.

(6) De bhun Airteagal 13(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/2847, tá monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847 a chur chun feidhme ar bhealach atá comhréireach le rioscaí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, bunaithe ar an gcuspóir atá beartaithe agus ar an úsáid atá intuartha le réasún chomh maith le coinníollacha úsáide an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus an fad ama a mheastar a bheidh an táirge in úsáid á chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus (3) den Rialachán sin, agus gan beann ar cé acu a mheastar nó nach meastar gur táirge tábhachtach nó criticiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, déanfaidh monaróirí measúnú riosca cibearshlándála cuimsitheach agus an chaoi a gcuirtear na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha chun feidhme a léiriú de réir an mheasúnaithe riosca, lena n-áirítear a dtástáil agus a ndearbhú. I gcás ina gcomhlíonann croífheidhmiúlacht a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha an tuairisc theicniúil ar tháirge tábhachtach nó criticiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní mór do mhonaróirí comhréireacht a léiriú de réir na nósanna imeachta sonracha um measúnú comhréireachta arna mbunú le hAirteagal 32(2), (3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) 2024/2847.

(7) Áirítear sa Rialachán seo samplaí de tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a gcomhlíonann a gcroífheidhmiúlacht an tuairisc theicniúil ar tháirgí tábhachtacha nó criticiúla áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Cuirtear samplaí den sórt sin ar fáil chun críoch léiriúcháin amháin agus ní liosta uileghabhálach iad.

(8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do mhonaróirí, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar micreaphróiseálaithe nach féidir baint dóibh, micririalaitheoirí nach féidir baint dóibh, agus cártaí cliste agus gléasanna comhchosúla iad, lena n-áirítear eilimintí slána, ar bhonn an leibhéil frithsheasmhachta in aghaidh dúshaothraitheacht fhéideartha lochtanna nó laigí ar dearadh iad ina leith. Úsáidtear leibhéal AVA_VAN go forleathan agus is bealach caighdeánaithe é chun leibhéal frithsheasmhachta den sórt sin a chur in iúl. Leagtar amach leibhéil AVA_VAN i gcaighdeáin na gCritéar Coiteann agus na Modheolaíochta Meastóireachta Coiteann atá ar fáil go poiblí, ar caighdeáin iad atá mar bhunús leis na creataí deimhniúcháin atá ann cheana agus a glacadh go forleathan ar an margadh, amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón

gCoimisiún ([3]). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482, bunaítear scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála is féidir a úsáid chun táirge a dheimhniú ar leibhéal dearbhaithe sonrach. Agus leas á bhaint as cleachtais dhomhanda, foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 go bhféadfaí deimhnithe bunaithe ar leaganacha níos sine de na caighdeáin a eisiúint go dtí deireadh 2027. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/2847, is iomchuí a cheadú leibhéil AVA_VAN a chur in iúl trí thagairt a dhéanamh don leagan is déanaí nó do na leaganacha níos sine de na caighdeáin sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 62(1) de Rialachán (AE) 2024/2847,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'Critéir Choiteanna' na Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht ar Shlándáil na Teicneolaíochta Faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 nó mar a leagtar amach sna caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) agus (b), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin;

(2) Ciallaíonn 'Modheolaíocht Mheastóireachta Choiteann' an Mhodheolaíocht Choiteann maidir le Meastóireacht ar Shlándáil na Teicneolaíochta Faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 nó mar a leagtar amach sna caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (c) agus (d), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

*Airteagal 2*

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh an tuairisc theicniúil ar na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi aicmí I agus II a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847.

2. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh an tuairisc theicniúil ar na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2847.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) (IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj).

*IARSCRÍBHINN I*

**TÁIRGÍ TÁBHACHTACHA AG A bhFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA**

## Aicme I

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 1. Córais bainistithe céannachta agus bogearraí agus crua-earraí bainistithe rochtana pribhléidithe, lena n-áirítear fíordheimhniú agus léitheoirí rialaithe rochtana, lena n-áirítear léitheoirí bithmhéadracha | Is éard is córais bainistithe céannachta ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthraíonn sásraí le haghaidh fíordheimhniú nó údarú agus a d'fhéadfadh sásraí a sholáthar freisin le haghaidh bainistiú saolré ar dhintiúir chéannachta daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, gléasanna nó córas, amhail clárú céannachta, soláthar, cothabháil, díchlárú. Áirítear ar na córais sin córais bainistithe rochtana lena rialaítear rochtain daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, gléasanna nó córas ar acmhainní digiteacha nó ar shuíomhanna fisiciúla.<br><br>Is éard is bogearraí bainistithe rochtana pribhléidithe ann córas bainistithe rochtana lena rialaítear agus lena ndéantar faireachán ar chearta rochtana ar chórais TF nó teicneolaíocha oibríochtúla agus ar fhaisnéis íogair laistigh d'eagraíocht, lena n-áirítear córais lena bhforfheidhmítear beartais rialaithe rochtana dhifreáilte d'úsáideoirí faoi phribhléid.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin fíordheimhniú agus léitheoirí rialaithe rochtana, léitheoirí bithmhéadracha, bogearraí sínithe isteach singil, bogearraí bainistíochta céannachta cónasctha, bogearraí pasfhocal aonuaire, gléasanna fíordheimhniúcháin crua-earraí amhail gineadóirí uimhir fíordheimhniúcháin idirbhirt, bogearraí fíordheimhnithe agus bogearraí fíordheimhnithe ilfhachtóra, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 2. Brabhsálaithe neamhspleácha agus brabhsálaithe leabaithe | Táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí deiridh ábhar gréasáin agus seirbhísí, a óstáiltear ar fhreastalaithe atá nasctha le líonraí amhail an t-idirlíon, a rochtain, a chur ar fáil agus idirghníomhú leo. Is iondúil go n-áirítear leo inneall brabhsálaí chun ábhar atá scríofa sa teanga mharcála a léirmhíniú agus a thaispeáint (e.g. HTML), tacaíocht do phrótacail ghréasáin (e.g. HTTP, HTTPS), an cumas scripteanna a fhorghníomhú agus ionchuir úsáideoirí a bhainistiú chomh maith le sonraí sealadacha nó leanúnacha ó shuíomhanna gréasáin (fianáin) a stóráil.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin feidhmchláir neamhspleácha a chomhlíonann feidhmeanna brabhsálaithe, brabhsálaithe leabaithe atá beartaithe lena gcomhtháthú i gcóras nó i bhfeidhmchlár eile chomh maith le brabhsálaithe le comhtháthú gníomhaire IS, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 3. Bainisteoirí pasfhocal | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a stórálann pasfhocail, go háitiúil ar ghléas nó ar fhreastalaí cianda, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail pasfhocail a ghiniúint chomh maith le pasfhocail a chomhroinnt agus a chomhtháthú le feidhmchláir áitiúla nó tríú páirtí chun pasfhocail a úsáid.<br><br>Áirítear sa chatagóir sin bainisteoirí pasfhocal áitiúla, bainisteoirí pasfhocal a chuirtear ar fáil mar bhreiseáin brabhsálaí, bainisteoirí pasfhocal fiontair chomh maith le bainisteoirí pasfhocal bunaithe ar chrua-earraí, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 4. Bogearraí lena ndéantar bogearraí mailíseacha a chuardach, a bhaint nó a chur ar coraintín | Táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, dá ngairtear bogearraí frithvíreas nó bogearraí frithmhailíseacha de ghnáth, a dhéanann bogearraí mailíseacha nó cód mailíseach ar ghléasanna a bhrath nó a chuardach, nó bogearraí nó cód den sórt sin a bhaint nó a chur ar coraintín, chun sláine, rúndacht nó infhaighteacht na ngléasanna sin a choinneáil ar bun.<br><br>I gcomhthéacs na catagóire táirgí sin, ciallaíonn bogearraí mailíseacha bogearraí ina bhfuil gnéithe mailíseacha nó cumais mhailíseacha a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh go díreach nó go hindíreach don úsáideoir agus/nó don chóras ríomhaireachta, amhail víris, péisteanna, bogearraí éirice, earraí spiaireachta agus Traígh.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin bogearraí lena ndéantar bogearraí mailíseacha a bhrath nó a chuardach i bhfíor-am nó de láimh, sás forúsáideora a bhrath agus dioscaí tarrthála a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le bogearraí mailíseacha a chuardach, a bhaint nó a chur ar coraintín, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 5. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm acu mar líonra príobháideach fíorúil (VPN) | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbunaítear tollán loighciúil criptithe atá tógtha ó acmhainní córais líonra fhisicigh nó fhíorúil.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin cliaint líonraí fíorúla príobháideacha, freastalaithe líonraí fíorúla príobháideacha agus geataí líonraí fíorúla príobháideacha, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 6. Córais bainistíochta líonraí | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhainistíonn eilimintí nasctha líonra, amhail freastalaithe, ródairí, lasca, stáisiúin oibre, printéirí nó gléasanna móibíleacha, trí fhaireachán a dhéanamh orthu agus a n-oibríochtaí agus a gcumraíocht líonra a rialú.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin córais bhainistíochta ó cheann go ceann agus córais bainistíochta cumraíochta thiomnaithe, amhail rialaitheoirí le haghaidh líonrú arna sainiú ag bogearraí, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 7. Córais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbailítear sonraí ó fhoinsí éagsúla, lena ndéantar anailís agus comhghaolú ar na sonraí sin agus lena gcuirtear i láthair iad mar fhaisnéis inghníomhaithe chun críoch slándála, amhail bagairtí agus teagmhais a bhrath, anailís fhóiréinseach nó chun críoch comhlíontachta. |
| 8. Bainisteoirí bútála | Táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhainistíonn próiseas thosú tosaigh an chórais tar éis dúisithe/atosaithe trí chrua-earraí a thúsú, rialú a lódáil nó a aistriú chuig timpeallacht an chórais oibriúcháin nó acmhainní an chórais, agus roghanna bútála a roghnú.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin dochtearraí Comhéadain Dochtearraí Inbhreisithe Aontaithe, lódairí bútála aonchéime agus ilchéimneacha, ach níl sí teoranta dóibh. |
| 9. Príomhbhonneagar poiblí agus bogearraí eisiúna deimhnithe dhigitigh | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáidtear mar chuid de phríomhbhonneagar poiblí lena mbainistítear bailíochtú, cruthú, eisiúint, dáileadh, foilsiú stádais, athnuachan nó cúlghairm deimhnithe digiteacha, nó giniúint, stóráil, eascró, malartú, scriosadh nó uainíocht eochracha cripteagrafacha a bhaineann leis na deimhnithe digiteacha sin.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin príomhchórais bhainistíochta, córais bhainistíochta deimhnithe dhigitigh, freagróirí prótacail maidir le stádas deimhnithe ar líne agus réitigh príomhbhonnegair phoiblí uilechuimsitheacha, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 10. Comhéadain líonra fhisicigh agus fhíorúil | Is éard is comhéadain líonra fhisicigh ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena nasctar gléas go díreach le líonra trí chomhéadan feidhmchláir arna sholáthar ag tiománaithe an chomhéadain, a oibríonn de ghnáth ag an tsraith nasctha sonraí, agus a bhfuil cuibheoirí crua-earraí le meáin tarchuir ag a bhfuil dochtearraí comhfhreagracha, a oibríonn de ghnáth ag an tsraith fhisiciúil agus ag sraith an nasctha sonraí.<br><br>Is éard is comhéadain líonra fhíorúil ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a nascann gléas go díreach nó go hindíreach le líonra trí chomhéadan feidhmchláir a dhéanann aithris ar chomhéadain feidhmchláir thiománaithe na gcomhéadan líonra fhisicigh, a oibríonn de ghnáth ag sraith an nasctha sonraí.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin cártaí comhéadain líonra sreangaithe agus gan sreang, rialaitheoirí agus cuibheoirí, amhail le haghaidh Wi-Fi, Ethernet, IrDA, USB, Bluetooth, NearLink, Zigbee, nó Fieldbus, gan bheith teoranta dóibh, chomh maith le táirgí neamhspleácha atá go hiomlán fíorúil, amhail cártaí comhéadain líonra fhíorúil, comhéadain líonra coimeádán agus comhéadain líonra príobháidigh fhíorúil. |
| 11. Córais oibriúcháin | Táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthraíonn comhéadan teibí de na crua-earraí bunúsacha agus a rialaíonn forghníomhú bogearraí, agus a d'fhéadfadh seirbhísí a sholáthar amhail bainistiú agus cumraíocht acmhainní ríomhaireachta, sceidealú, rialú ionchuir-aschuir, sonraí a bhainistiú, agus comhéadan a sholáthar trína n-idirghníomhaíonn feidhmchláir le hacmhainní an chórais agus le haonaid fhorimeallacha.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin córais oibriúcháin fíor-ama, córais oibriúcháin ilchuspóireacha agus shainchuspóireacha, ach níl sí teoranta dóibh. |
| 12. Ródairí, móideimí atá beartaithe lena nascadh leis an idirlíon, agus lasca | Is táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad ródairí lena mbunaítear agus lena rialaítear sreabhadh na sonraí idir líonraí éagsúla trí chonairí nó bealaí a roghnú trí shásraí prótacail ródúcháin agus algartaim a úsáid, a oibríonn ag sraith an líonra de ghnáth.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin ródairí sreangaithe agus gan sreang, ródairí fíorúla agus ródairí le móideimí nó gan iad, ach níl sí teoranta dóibh. |
| | Is táirgí crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad móideimí atá beartaithe lena nascadh leis an idirlíon a úsáideann modhnú digiteach agus teicnící dímhodhnaithe chun comharthaí analógacha a athrú ó chomharthaí digiteacha agus go comharthaí digiteacha le haghaidh cumarsáid IP-bhunaithe.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin móideimí snáithín, móideimí Líne Digití Rannpháirtí, móideimí cábla (móideimí Shonraíocht Chomhéadain an Chórais Thar Cábla), móideimí satailíte agus móideimí ceallacha, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Is éard is lasca ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthraíonn nascacht idir gléasanna líonraithe trí shásraí chun paicéad a chur ar aghaidh agus a bhfuil plána bainistíochta acu, a chuirtear chun feidhme de ghnáth ag sraith an nasctha sonraí nó ag sraith an líonra.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin lasca bainistithe, lasca cliste, lasca ilsrathacha, lasca slándála fíorúla, lasca in-ríomhchláraithe le haghaidh líonrú bogearraí-shainithe agus droichid amhail pointí rochtana gan sreang, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 13. Micreaphróiseálaithe a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar ciorcaid iomlánaithe iad a dhéanann feidhmeanna lárnacha próiseála a bhraitheann ar chuimhne sheachtrach agus ar aonaid fhorimeallacha, lena n-áirítear micreachód agus dochtearraí íseal-leibhéil eile. Ina theannta sin, soláthraíonn siad feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, amhail criptiú, fíordheimhniú, stóráil eochrach shlán, giniúint uimhreacha randamacha, timpeallacht forghníomhaithe iontaofa, nó sásraí cosanta eile atá bunaithe ar chrua-earraí, a bhfuil sé d’aidhm acu táirgí, líonraí nó seirbhísí eile lasmuigh den mhicreaphróiseálaí féin a dhaingniú, amhail slabhra slán bútála, fíorúlú nó comhéadain chumarsáide shlána. |
| 14. Micririalaitheoirí a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar ciorcaid iomlánaithe iad a dhéanann feidhmeanna lárnacha próiseála lena gcomhtháthaítear cuimhne, rud a fhágann gur féidir leis an micririalaitheoir, agus le haonaid fhoirmeallacha eile go hiondúil, a bheith in-ríomhchláraithe, lena n-áirítear micreachód agus dochtearraí íseal-leibhéil eile. Ina theannta sin, soláthraíonn siad feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, amhail criptiú, fíordheimhniú, stóráil eochrach shlán, giniúint uimhreacha randamacha, timpeallacht forghníomhaithe iontaofa, nó sásraí cosanta eile atá bunaithe ar chrua-earraí, a bhfuil sé d’aidhm acu táirgí, líonraí nó seirbhísí eile lasmuigh den mhicririalaitheoir féin a dhaingniú, amhail slabhra slán bútála, fíorúlú nó comhéadain chumarsáide shlána. |
| 15. Ciorcaid chomhtháite aonfheidhmeacha (ASIC) agus eagair geataí in-ríomhchláraithe sa réimse (FPGA) a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu | Maidir le ciorcaid chomhtháite aonfheidhmeacha ag a bhfuil feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar ciorcaid iomlánaithe iad, atá saincheaptha go hiomlán nó go páirteach chun feidhm shonrach a dhéanamh nó chun feidhmchlár sonrach a chur chun feidhme, lena n-áirítear micreachód agus dochtearraí íseal-leibhéil eile. Ina theannta sin, soláthraíonn siad feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, amhail criptiú, fíordheimhniú, stóráil eochrach shlán, giniúint uimhreacha randamacha, timpeallacht forghníomhaithe iontaofa, nó sásraí cosanta eile atá bunaithe ar chrua-earraí, a bhfuil sé d’aidhm acu táirgí, líonraí nó seirbhísí eile lasmuigh den chiorcad comhtháite aonfheidhmeach féin a dhaingniú, amhail slabhra slán bútála, fíorúlú nó comhéadain chumarsáide shlána. |
| | Maidir le heagair geataí in-ríomhchláraithe sa réimse ag a bhfuil feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar ciorcaid iomlánaithe iad agus a bhfuil maitrís de bhloic loighce inchumraithe ina shainghné acu, ar maitrís í atá deartha le bheith in-athchláraithe i ndiaidh monaraíochta chun feidhm shonrach a dhéanamh nó feidhmchlár sonrach a chur chun feidhme, lena n-áirítear micreachód agus dochtearraí íseal-leibhéil eile. Ina theannta sin, soláthraíonn siad feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil, amhail criptiú, fíordheimhniú, stóráil eochrach shlán, giniúint uimhreacha randamacha, timpeallacht forghníomhaithe iontaofa, nó sásraí cosanta eile atá bunaithe ar chrua-earraí, a bhfuil sé d’aidhm acu táirgí, líonraí nó seirbhísí eile lasmuigh den eagar geataí in-ríomhchláraithe sa réimse féin a dhaingniú, amhail slabhra slán bútála, fíorúlú nó comhéadain chumarsáide shlána. |
| 16. Cúntóirí fíorúla baile cliste ilchuspóireacha | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhéanann cumarsáid ar an idirlíon poiblí, cibé acu go díreach nó trí threalamh eile, a phróiseálann éilimh, cúraimí nó ceisteanna atá bunaithe ar leideanna teanga nádúrtha, amhail trí ionchur fuaime nó i scríbhinn, agus, bunaithe ar na héilimh, na cúraimí nó na ceisteanna sin, a sholáthraíonn rochtain ar sheirbhísí eile nó a rialaíonn feidhmeanna gléasanna nasctha i suíomhanna cónaithe.<br><br>Áirítear sa chatagóir sin callairí cliste a bhfuil cúntóir fíorúil comhtháite acu, agus cúntóirí fíorúla neamhspleácha a chomhlíonann an tuairisc sin, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 17. Táirgí baile cliste a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu, lena n-áirítear glais dorais chliste, ceamaraí slándála, córais faireacháin leanaí agus córais aláraim | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena gcosnaítear slándáil fhisiciúil tomhaltóirí i suíomh cónaithe agus ar féidir iad a rialú nó a bhainistiú go cianda ó chórais eile, chomh maith le crua-earraí agus bogearraí lena rialaítear na táirgí sin go lárnach.<br><br>Áirítear sa chatagóir sin gléasanna glasála dorais chliste, córais faireacháin leanaí, córais aláraim agus ceamaraí slándála baile, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 18. Bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ag a bhfuil gnéithe idirghníomhacha sóisialta (e.g. labhairt nó scannánú) nó ag a bhfuil gnéithe rianaithe suímh | Bréagáin atá nasctha leis an idirlíon agus a bhfuil gnéithe idirghníomhacha sóisialta acu, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE, a dhéanann cumarsáid ar an idirlíon poiblí, bíodh sin go díreach nó trí aon trealamh eile, agus a bhfuil teicneolaíochtaí leabaithe acu lena gcumasaítear cumarsáid isteach agus amach, amhail méarchlár, micreafón, callaire nó ceamara. |
| | Bréagáin atá nasctha leis an idirlíon agus a bhfuil gnéithe rianaithe suímh acu, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE, a dhéanann cumarsáid ar an idirlíon poiblí, bíodh sin go díreach nó trí aon trealamh eile, agus a bhfuil teicneolaíochtaí acu lenar féidir suíomh geografach an bhréagáin nó a úsáideora a rianú nó a chur in iúl. I gcás nach mbraitheann an bréagán ach gaireacht an úsáideora nó gaireacht bréagán eile trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí braite, ní mheasfar go bhfuil gnéithe rianaithe suímh ag an mbréagán. |
| 19. Táirgí inchaite pearsanta atá le caitheamh nó le cur ar chorp an duine ag a bhfuil críoch faireacháin sláinte (amhail rianú) agus nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2017/745 ([2]) ná (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir leo, nó táirgí inchaite pearsanta atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí agus le haghaidh leanaí | Táirgí inchaite pearsanta atá le caitheamh nó le cur ar chorp an duine a bhfuil críoch faireacháin sláinte acu, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chaitear ar an gcorp go díreach nó trí éadaí nó gabhálais agus ar féidir leo, go rialta nó go leanúnach, faisnéis a bhrath agus a phróiseáil a thuilleadh, lena n-áirítear méadrachtaí coirp, atá ábhartha do shláinte an úsáideora, seachas táirgí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/745 nó Rialachán (AE) 2017/746.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin rianairí aclaíochta, uaireadóirí cliste, seodra cliste, éadaí cliste agus éadaí spóirt a chomhlíonann an tuairisc sin, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Táirgí inchaite pearsanta atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí agus le haghaidh leanaí, is táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha is féidir le daoine aonair faoi bhun 14 bliana d'aois a chaitheamh nó is féidir a chur ar chorp na ndaoine sin go díreach nó trí éadaí nó gabhálais.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin earraí inchaite sábháilteachta leanaí, ach níl sí teoranta dóibh. |

([1]) Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/745/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/746/oj).

**Aicme II**

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 1. Hipearmhaoirseoirí agus córais ama rite coimeádán lena dtacaítear le rith fíorúlaithe córas oibriúcháin agus timpeallachtaí comhchosúla | Is táirgí bogearraí iad hipearmhaoirseoirí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena ndéantar acmhainní ríomhaireachta a theibiú agus/nó a leithdháileadh agus lena gcumasaítear meaisíní fíorúla atá scartha go loighciúil óna chéile agus/nó ó na crua-earraí fisiceacha a rith, a bhainistiú agus a eagrú. D'fhéadfadh hipearmhaoirseoirí rith go díreach ar chrua-earraí (miotal lom), sa bhreis ar chóras oibriúcháin, nó laistigh de mheaisín fíorúil eile (fíorú neadaithe).<br><br>I gcomhthéacs na catagóire táirgí sin, is deighilt loighciúil bogearraí-shainithe de thimpeallacht ríomhaireachta é meaisín fíorúil, lena n-áirítear tacar fíorúlaithe d'acmhainní crua-earraí (e.g. láraonad próiseála, cuimhne, stóráil, comhéadain líonra) agus a dhéanann a chóras oibriúcháin féin a óstáil de ghnáth.<br><br>Áirítear sa chatagóir sin hipearmhaoirseoirí de chineál 1 (miotal lom), hipearmhaoirseoirí de chineál 2 (á óstáil ar chóras oibriúcháin) agus hipearmhaoirseoirí hibrideacha, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Is éard is córais ama rite coimeádán ann táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbainistítear forghníomhú agus saolré coimeádán a ritheann ar chóras oibriúcháin óstach aonair mar phróisis aonair, lena leithdháiltear acmhainní agus lena gceadaítear coimeádáin aonair a bhainistiú agus a eagrú.<br><br>I gcomhthéacs na catagóire táirgí sin, is timpeallacht forghníomhaithe atá bunaithe ar bhogearraí é coimeádán ina gcuimsítear comhpháirt bogearraí amháin nó níos mó agus a spleáchais in aon phacáiste amháin, rud a chuireann ar a chumas dó feidhmiú go neamhspleách agus go comhsheasmhach. |
| 2. Ballaí dóiteáin, córais braite ionraidh agus córais choisc | Is éard is ballaí dóiteáin ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chosnaíonn líonra nó córas nasctha ar rochtain neamhúdaraithe trí fhaireachán a dhéanamh ar thrácht cumarsáide sonraí chuig an líonra sin agus uaidh agus trí shrian a chur ar an trácht sin.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin ballaí dóiteáin líonra agus ballaí dóiteáin feidhmchláir amhail ballaí dóiteáin feidhmchlár gréasáin nó scagairí agus geataí friturscair, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Is éard is córais braite ionraidh ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhéanann faireachán ar thrácht nuair a théann sé isteach sa timpeallacht líonra le haghaidh gníomhaíocht amhrasach agus a bhraitheann nó a shainaithníonn go ndearnadh iarracht ionradh a dhéanamh, go bhfuil sé ag tarlú, nó gur tharla sé ar líonra nasctha nó ar chóras nasctha.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin córais braite ionraidh líonra-bhunaithe agus córais braite ionraidh óstach-bhunaithe, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Is éard is córais coiscthe ionraidh ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá comhdhéanta de chóras braite ionraidh a fhreagraíonn go gníomhach d'ionradh ar líonra nasctha nó ar chóras nasctha.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin córais coiscthe ionraidh líonra-bhunaithe agus córais coiscthe ionraidh óstach-bhunaithe, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 3. Micreaphróiseálaithe nach féidir baint dóibh | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar micreaphróiseálaithe iad ag a bhfuil feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tsládáil dá dtagraítear i dTábla 'Aicme I', pointe 13, den Iarscríbhinn sin, lena n-áirítear fianaise ar chrioscaíl, frithsheasmhacht in aghaidh crioscaíola nó freagairt ar chrioscaíl, agus atá deartha freisin chun cosaint AVA_VAN leibhéal 2 nó 3 a sholáthar, mar a leagtar amach sna Critéir Choiteanna agus sa Mhodheolaíocht Mheastóireachta Choiteann. |
| 4. Micririalaitheoirí nach féidir baint dóibh | Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar micririalaitheoirí iad ag a bhfuil feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil dá dtagraítear i dTábla 'Aicme I', pointe 14, den Iarscríbhinn sin, lena n-áirítear fianaise ar chrioscaíl, frithsheasmhacht in aghaidh crioscaíola nó freagairt ar chrioscaíl, agus atá deartha freisin chun cosaint AVA_VAN leibhéal 2 nó 3 a sholáthar, mar a leagtar amach sna Critéir Choiteanna agus sa Mhodheolaíocht Mheastóireachta Choiteann. |

*IARSCRÍBHINN II*

**TÁIRGÍ CRITICIÚLA AG A bhFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA**

| Catagóir táirgí | Tuairisc theicniúil |
|---|---|
| 1. Gléasanna Crua-earraí le Boscaí Slándála | Táirgí crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena ndéantar sonraí íogaire a stóráil, a phróiseáil nó a bhainistiú go slán nó lena ndéantar oibríochtaí cripteagrafacha, agus arb é atá iontu an iliomad comhpháirteanna scoite, lena n-ionchorpraítear imchlúdach fisiceach crua-earraí lena soláthraítear fianaise ar chrioscaíl, frithsheasmhacht in aghaidh crioscaíola nó freagairt ar chrioscaíl, mar fhrithbhearta in aghaidh ionsaithe fisiciúla.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin teirminéil íocaíochta fisiciúla, modúil slándála crua-earraí a ghineann agus a bhainistíonn eilimintí cripteagrafacha, agus tacagraif a chomhlíonann an tuairisc thuas, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| 2. Geataí méadair chliste laistigh de chórais méadraithe chliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus gléasanna eile chun críoch ardslándála, lena n-áirítear le haghaidh cripteaphróiseáil shlán | Is éard is geataí méadair chliste ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena rialaítear cumarsáid idir comhpháirteanna i gcórais méadraithe chliste nó atá nasctha leo mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944, agus tríú páirtithe údaraithe, amhail soláthraithe fóntais. Bailíonn, próiseálann agus stórálann geataí méadair chliste sonraí méadair nó sonraí pearsanta, cosnaíonn siad sreafaí sonraí agus faisnéise trí thacú le riachtanais chripteagrafacha shonracha, amhail cripteiú agus díchripteiú sonraí, ionchorpraíonn siad feidhmiúlachtaí balla dóiteáin agus soláthraíonn siad na modhanna chun gléasanna eile a rialú.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin geataí méadair chliste a bhaineann le córais méadraithe chliste lena dtomhaistear leictreachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Threoir (AE) 2019/944, ach níl sí teoranta dóibh. Féadfar a áireamh ann freisin geataí méadair chliste a úsáidtear i gcórais méadraithe chliste eile lena dtomhaistear ídiú foinsí eile fuinnimh amhail gás nó teas, ar choinníoll go gcomhlíonann an geata an tuairisc sin. |
| 3. Cártaí cliste nó gléasanna comhchosúla, lena n-áirítear eilimintí slána | Is éard is eilimintí slána ann micririalaitheoirí nó micreaphróiseálaithe a bhfuil feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an tslándáil acu, lena n-áirítear fianaise ar chrioscaíl, frithsheasmhacht in aghaidh crioscaíola nó freagairt ar chrioscaíl. Is iondúil go ndéanann siad oibríochtaí cripteagrafacha nó sonraí íogaire, amhail dintiúir aitheantais nó dintiúir íocaíochta, a stóráil, a phróiseáil nó a bhainistiú. Tá eilimintí slána deartha chun cosaint AVA_VAN.4 ar a laghad a sholáthar, mar a leagtar amach sna Critéir Choiteanna nó sa Mhodheolaíocht Mheastóireachta Choiteann. Is féidir leo a bheith ina sileacan scoite nó is féidir iad a chomhtháthú i gcórais ar shlis. Is féidir timpeallacht feidhmchlár nó córas oibriúcháin a ionchorprú in eilimintí slána, agus is féidir feidhmchlár amháin nó níos mó a bheith san áireamh iontu.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin Modúil Ardáin Iontaofa agus Cárta Cliste Uilíoch leabaithe, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |
| | Is eilimintí slána iad cártaí cliste nó gléasanna comhchosúla atá comhtháite in ábhar iompróra, amhail plaisteach nó adhmad, i gcruth cárta, nó eilimintí slána atá comhtháite in ábhair iompróra agus cruthanna eile orthu.<br><br>Áirítear leis an gcatagóir sin doiciméid aitheantais agus taistil, cártaí sínithe cáilithe, cártaí cliste uilíocha in-athsholáthraithe, cártaí íocaíochta fisiciúla, cártaí rochtana fisiciúla, cártaí tacagraif dhigitigh nó bandaí rosta ag a bhfuil eilimintí slána íocaíochta comhtháite, ach níl sí teoranta dóibh sin amháin. |

[1] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).